

Tuarascáil Bhliantúil de Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024

(De réir Alt 57 AW d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 agus a cuireadh isteach le hAlt 28 d'Acht an Bhainc Cheannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003.)

1. Bunaíodh Binse Achomhairc um Sheirbhísí Airgeadais na hÉireann ("BASAÉ" nó "an Binse") de bhun Acht an Bhainc Cheannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003 ("Acht 2003").

Comhaltas an Bhinse

2. Ag tús 2024 bhí seachtar comhalta ar an mBinse gach ceann acu a bhí ainmnithe ag an Rialtas agus a bhí ceaptha ag Uachtarán na hÉireann. Tá an Breitheamh Onórach John MacMenamin, a bhí ceaptha mar Chathaoirleach an Bhinse ag Uachtarán na hÉireann ar feadh téarma cúig bliana i mí Lúnasa 2023, mar fheidhmeannach an Bhinse.
3. Is iad seo a leanas gnáthchomhaltaí an Bhinse: Patricia O'Sullivan Lacy, Abhcóide Dlí, Leaschathaoirleach an Bhinse; Conor Power, Abhcóide Sinsir; Paul Brennan, Aturnae; Helen Collins, Aturnae; Eilis Brennan, Abhcóide Sinsir; agus Úna Tighe, Abhcóide Sinsir.
4. Bhí Patricia O'Sullivan Lacy athcheaptha mar Leaschathaoirleach i mí Dheireadh Fómhair 2024 ar feadh téarma cúig bliana eile. Athcheap Uachtarán na hÉireann Eilis Brennan agus Úna Tighe ar feadh téarma cúig bliana eile i mí Dheireadh Fómhair 2024. Athcheapadh Conor Power, Paul Brennan agus Helen Collins don Bhinse ar feadh téarma cúig bliana eile i mí na Samhna 2023.
5. Bhí Helen-Claire O'Hanlon, Abhcóide Dlí, athcheaptha mar Chláraitheoir an BASAÉ ar feadh téarma trí bliana ó 1 Bealtaine 2022.

6. Comhlíonann ballraíocht an Bhinse leis an riachtanas atá leagtha amach i gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú maidir le cothromaíocht inscne.
7. Tá oifigí an Bhinse lonnaithe ag 4/5 Cearnóg Arran, Lána Lincoln, Cé Arran, Baile Átha Cliath 7, D07 CTX4; Suíomh gréasáin www.ifsat.ie agus Seoladh ríomhphoist: registrar@ifsat.ie.

Nósanna Imeachta Achomhairc

8. Is comhlacht leath-bhreithiúnach é an BASAÉ le cumhachtaí reachtúla chun achomhairc a éisteacht agus cinneadh a dhéanamh fúthu ó chinntí áirithe a thugann an Banc Ceannais, is iad sin "*cinntí inchomhairc*" mar atá sainmhínithe ag Alt 11 d'Acht an Bhainc Cheannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2004.
9. Cuirtear tús le hachomharc don BASAÉ trí Fhógra Achomhairc a thaisceadh leis an mBinse. Bíonn ceithre lá dhéag ansin ag an mBanc Ceannais a Fhreagra ar an achomharc a thabhairt. (Tá foirmeacha maidir le Fógra Achomhairc agus Freagra ar fáil ar shuíomh gréasáin an BASAÉ.) I ndiaidh do na páirtithe na páipéir a mhalartú agus réamhcheisteanna a phlé, tabharfaidh an triúr comhalta, ainmnithe ag an gCathaoirleach mar an painéal sannta don chás sin, éisteacht don achomharc agus déanfaidh siad cinneadh faoi.
10. Tá orduithe agus cinntí scríofa na n-achomharc curtha ar fáil ar shuíomh gréasáin an BASAÉ: www.ifsat.ie.

Achomhairc

11. Ní raibh aon Fhógra Achomhairc nua curtha isteach i 2024.
12. I rith 2023, d'éist an Binse achomharc ó cinneadh an Banc Ceannas de réir Alt 23(5) d'Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010 sa chás *AB v The Central Bank*. Bhí roinnt laethanta éisteachta ann i rith 2023.
13. Ar an 31 Eanáir 2024, d'eisigh an Binse a chinneadh agus d'ordaigh sé go gcuirfí an t-ábhar ar ais chuig an mBanc Ceannais chun athmhachnamh a dhéanamh air de réir Alt 57Z(2)(d) d'Acht 2010.

14. Ar an 9 Feabhra 2024, rinne an Binse Ordú maidir le costais agus bronnadh formhór chostais an achomhairc don Achomharcóir. Tá an tOrdú agus Cinneadh scríofa ar fáil ar shuíomh gréasáin an BASAÉ.
15. Ag leanúint de chinneadh an Bhinse sa chás *AB v The Central Bank*, choimisiúnaigh an Banc Ceannais athbhreithniú neamhspleách ar an gcóras Oiriúnachta agus Ionracais. D'fhoilsigh an Banc Ceannais an t-athbhreithniú ar an 11 Iúil 2024.

Gnóthaí Eile

16. Trí Fhógra Achomhairc dar dáta 27 Bealtaine 2020, thug Denis Riordan fógra achomhairc don BASAÉ ó chinneadh Measúnóir an Banc Angla-Éireannach, ceaptha de bhun Acht um an mBanc-Chorporáid Angla-Éireannach 2009. Ar 23 Aibreán 2020 d'fhoilsigh an Measúnóir Cinneadh maidir le Luach na Scaireanna Aistrithe go dtí an tAire Airgeadais agus Cearta Múchta faoin Acht um an mBanc-Chorporáid Angla-Éireannach 2009.
17. Ina dhiaidh sin, scriosadh an t-achomharc amach toisc nár comhlíonadh Rialacha BASAÉ 2008. In ainneoin seo, lorg an tUasal Riordan cead ar athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar an gcinneadh an t-achomharc a scriosadh amach san Ard-Chúirt ar an 23 Meán Fómhair 2020. Thug an Chúirt treoir go ndéanfaí an t-iarratas ar chead ar fhógra don Bhinse. Thug an Breitheamh Hyland san Ard-Chúirt cead ar an 28 Meitheamh 2021.
18. Éisteadh an tAthbhreithniú Breithiúnach ar an 10 Márta 2022 agus thug an Chúirt breithiúnas ar an 3 Lúnasa 2022. Diúltaíodh d'éileamh an Iarratasóra de réir Ordú na Cúirte ar an 25 Samhain 2022. Chuir an tIarratasóir Fógra Achomhairc faoi bhráid na Cúirte Achomhairc.
19. Éisteadh an tAchomharc sa Chúirt Achomhairc ar an 14 Iúil 2023 agus thug an Chúirt breithiúnas ar an 6 Deireadh Fómhair 2023. Diúltaíodh d'éileamh an Iarratasóra de réir Ordú na Cúirte dar dáta 6 Deireadh Fómhair 2023. Reáchtáladh éisteacht maidir le costais ar an 20 Nollaig 2023. D'éisigh an Chúirt Achomhairc a chinneadh maidir le costais ar an 12 Eanáir 2024. D'éisigh an Chúirt Achomhairc ordú costas i bhfabhar an Bhinse.

20. Chuir an tAchomharcóir Iarratas ar Chead chun Achomharc a dhéanamh faoi bhráid an Chúirt Uachtarach ar an 26 Feabhra 2024. Ar an 1 Bealtaine 2024, diúltaigh an Chúirt Uachtarach cead chun achomhairc. Ar an 26 Meitheamh 2024, d'éisigh an Chúirt Uachtarach ordú costas an t-iarratas i bhfabhar an Bhinse.

Alt 42 An tAcht Fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014

21. Cuireann Alt 42 don Acht Fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí chun aird a thabhairt ar an ngá chun deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a spreagadh, agus cearta daonna a chosaint inár n-obair laethúil. Mar chuid dá fhorbairt beartais, déanann an Binse próisis phleanála straitéiseach agus athbhreithniú bliantúil ar an gCreat Rialachais. Comhlíonann an Binse feidhm shonrach maidir le daoine nó comhlachtaí atá ag iarraidh achomhairc a dhéanamh ar chinntí inchomhairc de chuid Bhanc Ceannais na hÉireann. I gcomhréir le hoibleagáidí BASAÉ faoi bhun Acht 2014, agus a feidhmeanna, cuspóir agus méid a chur san áireamh, tá measúnú déanta ag BASAÉ ar na ceisteanna comhionannas agus cearta daonna a mheasann siad atá ábhartha dá fheidhmeanna agus dá chuspóir, agus tá pleananna agus gníomhartha i bhfeidhm chun dul i ngleic le haon fhadhbanna inrochtaineachta féideartha.
22. I 2024 seoladh leagan nua de shuíomh gréasáin an Binsé a bhfuil go hiomlán insroichte dóibh siúd a úsáideann teicneolaíocht chúnta agus oiriúnaitheach. Tá athbhreithniú leanúnach maidir le hinrochtaineacht faisnéise, doiciméid agus ábhar a bhaineann leis an mBinse ag dul ar aghaidh go fóill.
23. Tá sé beartaithe tuilleadh oiliúint ar chomhionannas agus éagsúlacht a chur ar fáil do chomhaltaí an Binsé i rith 2025.

Cuntais Bhliantúla

24. Tá na cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 ceangailte leis seo.

25. Foilseoidh an Binse an Tuarascáil seo dá bhforáiltear faoi Alt 57AW d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú) i ndiaidh di dul faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus féadfaidh baill den phobal cóip a íoslódáil ó shuíomh gréasáin an Bhinse.

An Breitheamh Onórach John MacMenamin
28 Márta 2025
Cathaoirleach